

Obair Bhaile – Plé

Treoracha agus moltaí

Seo bileog plé bunaithe ar an topaic ‘obair bhaile’. Táthar ag glacadh leis go bhfuil obair ar stór focal a bhaineann leis an topaic seo déanta leis na foghlaimeoirí roimh ré.

Treoracha

Cuid A

Cuir gach beirt ag plé na gceisteanna ar an mbileog ar feadh timpeall 8 nóiméad. Ansin pléigh aon deacrachtaí a bhí acu agus pléigh ceann nó dhó de na ceisteanna leis an rang iomlán.


Cuid B

- Obair aonair: Iarr ar na foghlaimeoirí na rudaí sa bhosca a chur in ord tábhachta.
- Obair bheirte nó obair ghrúpa: Caithfidh siad a gcuid cúiseanna a phlé le daoine eile.
- Lean é seo le plé ranga – an féidir a rá go bhfuil rudaí ar an liosta sin níos tábhachtaí ná a chéile? Déan iarracht díospóireacht a chothú.

Cuid C

Ní gá go mbeadh díospóireacht mhór anseo – is leor go mbeadh na foghlaimeoirí ag plé agus ag ullmhú pointí.

Obair Bhaile



Cuid A: Plé

- Pléigh an pictiúr thuas le do pháirtí. Cad é an teachtaireacht atá ann?
- An dtugann tusa a lán cabhrach do do pháistí le hobair bhaile?
- Cad é an t-ábhar is deacra duitse maidir le cabhair a thabhairt?
- Cad é an t-ábhar is éasca duitse maidir le cabhair a thabhairt?
- Cén tábhacht atá le hobair bhaile, dar leat?

Cuid B: Tasc

Cuir an obair bhaile seo a leanas in ord tábhachta. Ansin pléigh na cúiseanna le do chuid freagraí!

	Uimhir
Litriú	
Táblaí	
Peannaireacht	
Scribhneoireacht chruthaitheach	
Léitheoireacht	

Cuid C: Obair ghrúpa

Iarradh ort féin agus ar do ghrúpa páirt a ghlacadh i bpainéal plé ar chlár raidió áitiúil. Seo an topaic atá le plé: 'Níor cheart go mbeadh aon obair bhaile ann sa bhunscoil'. Caithfidh sibh cúpla pointe a ullmhú ag aontú agus ag easaontú leis seo.